Department of Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028: Treoracha Gairide do Scoileanna

## TREOIR 1: CAD IS CURACLAM ANN?



# Cuspóir na treorach seo

Is minic a úsáidtear an téarma curaclam le cur síos a dhéanamh ar a dteagasctar i scoileanna, ach tá curaclam i bhfad níos leithne ná liosta ábhar nó topaicí amháin.

Míníonn an treoir seo cad is curaclam ann, cad chuige a bhfuil sé tábhachtach agus cad chuige gur tosaíocht chomh tábhachtach sin í leasú curaclaim anois i dTuaisceart Éireann.

# Cad is curaclam ann?

Is é atá i gceist le curaclam ná an príomhstruchtúr a eagraíonn córas oideachais. Leagann sé amach an t-eolas, na scileanna agus na taithí a bhfuil leanaí agus daoine óga i dteideal a fhoghlaim le linn a gcuid oideachais. Múnlaíonn sé fosta an dóigh a ndéantar an fhoghlaim a chur in ord agus a eagrú thar am.

Go bunúsach, freagraíonn an curaclam trí cheist thábhachtacha:

- Cad é ba chóir do dhaoine óga a fhoghlaim?
- Cá huair ba chóir dóibh é a fhoghlaim?
- Cad chuige ba chóir dóibh é a fhoghlaim?

Cuidíonn curaclam atá deartha go maith lena chinntiú go mbíonn rochtain ag achan dalta, beag beann ar a gcúlra nó a gcúinsí, ar eispéiris agus deiseanna foghlama tábhachtacha.

# Trí leibhéal curaclaim

Feidhmíonn an curaclam ar thrí leibhéal idirnasctha.

**Ag leibhéal an Chórais**

Leagtar amach sa churaclam reachtúil an creat foriomlán maidir leis an mhéid a bhfuil daltaí i dteideal a fhoghlaim. Socraíonn sé ionchais agus soláthraíonn sé comhsheasmhacht ar fud an chórais oideachais.

**Ag leibhéal na Scoile**

Cruthaíonn scoileanna a bpleananna curaclaim féin bunaithe ar an léamh atá acu ar an chreat náisiúnta. Is iadsan a chinneann cad é mar a eagrófar an fhoghlaim, cad iad na hacmhainní a úsáidfear agus cad é mar a léireoidh an curaclam a gcomhthéacs agus a bpobal ar leith.

**Ag leibhéal an Ranga**

Cuireann múinteoirí an curaclam i bhfeidhm fríd theagasc, ceistiú agus measúnú. Is ar na bealaí seo a fhaigheann daltaí taithí dhíreach ar an churaclam

# Cuspóirí an churaclaim náisiúnta

Tá roinnt cuspóirí tábhachtacha a bhaineann le curaclam náisiúnta.

- **Fís chomhroinnte a chur ar fáil**

  Léirítear i gcuraclam na rudaí a chreideann an tsochaí a bheith tábhachtach do leanaí agus do dhaoine óga a

fhoghlaim. Leagtar amach ann ardaidhmeanna córais oideachais agus soláthraíonn sé treoir do scoileanna.

- **Teideal comhchoiteann a chruthú**

  Deimhníonn curaclam go bhfuil gach dalta i dteideal eolas, scileanna agus eispéiris thábhachtacha a fhoghlaim, beag beann ar an áit a bhfreastalaíonn siad ar scoil. Is gné ríthábhachtach den chothromas oideachais é seo.

- **Tacú le dul chun cinn**

  Ba chóir go gcuideodh curaclam le foghlaim a fhorbairt le himeacht ama. Ba chóir go mbeadh nasc idir an fhoghlaim nua agus an fhoghlaim roimhe seo ionas go bhforbróidh daltaí tuiscint agus cumas níos sofaisticiúla.

- **Tacaíocht a thabhairt don mheasúnú**

  Cuidíonn ionchais churaclaim le leibhéal an eolais ba chóir a bheith ag daltaí a shainiú, cad é ba chóir dóibh a thuiscint agus cad é ba chóir dóibh a bheith in ann a dhéanamh. Cuidíonn sé seo le heolas a dhéanamh don mheasúnú agus don mheastóireacht ar fud an chórais oideachais.

# Cad chuige a bhfuil tábhacht leis an churaclam?

Tá ról lárnach ag an churaclam i gcur chun cinn feabhais agus cothromais araon.

Cuireann sé teideal oideachais chomhroinnte ar fáil do gach foghlaimeoir agus cuidíonn sé lena chinntiú go n-oibríonn scoileanna i dtreo ionchais choiteanna. Gan creat curaclaim náisiúnta soiléir, is féidir le taithí na ndaltaí a bheith an-difriúil óna chéile ag brath ar an áit a bhfreastalaíonn siad ar scoil.

Cuidíonn curaclam láidir:

- le comhsheasmhacht a sholáthar ar fud an líonra scolaíochta;
- le tacú le dul chun cinn san fhoghlaim;
- le bearnaí agus athrá gan ghá a laghdú;
- le daltaí a ullmhú don fhoghlaim, don obair agus don tsaol amach anseo; agus
- rochtain ar eolas agus ar thaithí thábhachtach a chinntiú.

Cé gur cuid thábhachtach den churaclam iad ábhair, ní bailiúchán d'ábhair amháin atá sa churaclam. Ba chóir curaclam a phleanáil go cúramach ionas go mbeidh an fhoghlaim comhtháite agus carnach. Ba chóir dó an t-eolas is tábhachtaí a aithint agus a chinntiú go bhforbraíonn an fhoghlaim i seicheamh loighciúil.

Leagann Curaclam Thuaisceart Éireann 2028 béim ar leith ar a chinntiú go n-eagraítear eolas taobh istigh d'ábhair agus de dhisciplíní ar bhealaí a thacaíonn le foghlaim agus le dul chun cinn fadtéarmach.

# Míthuiscintí fán churaclam reachtúil

Tá sé chomh tábhachtach céanna tuiscint a fháil ar cad nach bhfuil i gceist le curaclam. Ní:

- scéim oibre atá ann;
- clár ama atá ann;
- sraith pleananna ceachta atá ann;
- modheolaíocht teagaisc atá ann;
- sonraíocht cháilíochta; nó
- bailiúchán de thionscnaimh ghearrthéarmacha atá ann.

Sainmhíníonn an curaclam an méid atá i dteideal ag daltaí a fhoghlaim. Coinníonn scoileanna agus múinteoirí an fhreagracht ghairmiúil as cinneadh a dhéanamh fán dóigh a dteagasctar an fhoghlaim sin.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cad é mar a shainmhíníonn muid an curaclam inár scoil faoi láthair?
2. An gcuireann ár gcuraclam turas foghlama agus dul chun cinn soiléir ar fáil do dhaltaí?
3. An bhfuil muid soiléir fána leibhéil éagsúla den churaclam?

# Príomhtheachtaireacht

**Tá i bhfad níos mó i gceist ná liosta ábhar nó topaicí leis an churaclam. Is é an curaclam an creat pleanáilte eolais, scileanna agus taithí a bhfuil daltaí i dteideal a fhoghlaim.**

Cuireann curaclam atá deartha go maith cuspóir, comhtháthú, dul chun cinn agus cothromas ar fáil, rud a chinntíonn go bhfuil rochtain ag gach duine óg ar fhíor-fhoghlaim agus ar dheiseanna amach anseo.

# Léitheoireacht mholta

- Athbhreithniú Straitéiseach ar churaclam Thuaisceart Éireann
    - Tuairisc achomair
    - Tuairisc iomlán (caibidil 4)
    - Freagra na Roinne
- An Curaclam 2028: Páipéar achomair (caibidil 2)